Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**14952/24**

**LIMITE**

**CORLX 1009**
**CFSP/PESC 1493**
**ELARG 147**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894**
**a bhaineann le bearta sriantacha**
**i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe**
**na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1894[1].

(2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2019/1894. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sin go dtí an 30 Samhain 2025.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/1894 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L 291, 12.11.2019, lch. 47).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8 de Chinneadh (CBES) 2019/1894:

*'Airteagal 8*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 30 Samhain 2025 agus déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC